# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

# Fraincis – Gnáthleibhéal

# SCÉIM MHARCÁLA

Tabhair ar aird, le do thoil, agus na freagraí sa scéim mharcála seo á gcur ar fáil, go bhfuil feidhm leis na gnásanna seo a leanas:

- áit a bhfuil freagraí atá inghlactha liostaithe ar línte ar leithligh, cuirtear fleasc (-) roimh gach ceann acu
- úsáidtear slais (/) chun a léiriú go mbronntar an marc céanna as an bhfocal nó as an nath cainte atá roimhe agus a bhronntar as an bhfocal nó as an nath cainte atá ag teacht ina dhiaidh
- cuirtear réiltín (*) roimh fhreagraí atá neamhiomlán nó nach bhfuil go hiomlán ceart agus bíonn siad eangaithe
- cuirtear lúibíní cruinne thart ar fhocail nó ar fhrásaí nach bhfuil riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.

Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo do Cheist 1, Ceist 2, Ceist 3 (8), Ceist 4 (8), agus don Triail Chluastuisceana a thabhairt. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach ach an bhrí chéanna a chur in iúl.

# Roinn I (160 marc)

## Ceist 1 – 40 marc

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | An Iodáil / An Ghearmáin / Albain | 4 mharc |
| **2.** | - | toirtín silíní | 4 mharc |
| | - | císte / gâteau líomóidí | 4 mharc |
| | | * toirtín | 2 mharc |
| | | * císte / gâteau | 2 mharc |
| **3.** | - | cén crann as a dtagann duilleog | 4 mharc |
| **4.** | - | Tá sí saor in aisce / Níl aon phraghas le híoc | 4 mharc |
| **5. (i) & (ii)** | | Glac le **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas: | 4 + 4 mharc |
| | - | (Tugann sí deis duit) do chlár ama a bhainistiú | |
| | - | (Tugann sí deis duit) d'obair baile a eagrú (sa tráthnóna) | |
| | - | Taifeadann (sí) na marcanna a ghnóthaigh tú | |
| | - | (Go huathoibríoch a dhéanann sí) céatadáin a ríomh, (ábhar ar ábhar) | |
| **6**. | - | (Thart ar) dhá lítear | 4 mharc |
| **7.** | - | Nuair is gá duit (gloine eile) uisce a ól | 4 mharc |
| | | * Nuair is gá duit a ól | 2 mharc |
| **8.(i) & (ii)** | | Glac le **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas: | 4 + 4 mharc |
| | - | Pacáil / do chás a phacáil | |
| | - | Uisce a chur ar na plandaí | |
| | - | Uachtar gréine a cheannach | |
| | | * Uachtar gréine a bheith agat | 2 mharc |
| | | * Uisciú | 2 mharc |

**Ceist 2 – 40 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | Le linn (sos) lóin | 4 mharc |
| | - | Tráthnóna Dé Céadaoin | 4 mharc |
| | | * Dé Céadaoin | 2 mharc |
| **2. (i) & (ii)** | | Glac le haon cheann de na pointí cearta seo a leanas | 4 + 4 mharc |
| | - | Ag dul go gasta / ag dul go róghasta | |
| | - | Ag léim ar na cosáin | |
| | - | Ag sciorradh (a chuireann púróga in aer) | |
| **3.** | - | Dearg agus buí | 4 mharc |
| | | * Dearg | 2 mharc |
| | | * Buí | 2 mharc |
| **4.** | - | (Tá sé an-)éadrom | 4 mharc |
| | - | (Níl ach) beagán cileagram ann | 4 mharc |
| | - | Tá an chuma air go bhfuil sciatháin aige | 4 mharc |
| **5.** | - | (Nuair a bhuaileann siad le chéile) ag na soilse (tráchta) | 4 mharc |
| | | * nuair a bhuaileann siad le chéile | 1 mharc |
| **6.** | - | (Tá eagla air) go ngoidfear/go ngoidfí é | 4 mharc |
| **7.** | - | (ag dul) ag siopadóireacht | 4 mharc |
| **8. (i) & (ii)** | | Glac le haon cheann de na pointí cearta seo a leanas: | 4 + 4 mharc |
| | - | Seal a chaitheamh / bheith) faoin tuath (ar a rothar) | |
| | - | An ghaoth (a mhothú) ar a haghaidh | |
| | | * An ghaoth | 3 mharc |

**<u>Ceist 3 – 40 marc</u>**

Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar. N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1-7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | (Allison a décidé de quitter la France) au mois de / en mai | 4 mharc |
| | | * mois de mai | 3 mharc |
| | | * mai | 3 mharc |
| **2. (i)** | - | indépendante | 4 mharc |
| **(ii)** | - | ambitieuse | 4 mharc |
| **3.** | - | (Le stade est) à cinq minutes | 4 mharc |
| | | * cinq minutes | 2 mharc |
| **4.** | - | Il neige beaucoup (surtout dans les montagnes) | 4 mharc |
| | | * il neige | 2 mharc |
| **5.** | - | Les journaux racontent des choses inventées sur sa vie privée | 4 mharc |
| | | * les journaux racontent des …… sur sa vie | 3 mharc |
| | | * les journaux racontent des choses inventées | 2 mharc |
| **6.** | - | Elle a vu son nom sur la liste des sélectionnées | 4 mharc |
| | | * Elle a vu son nom sur la liste | 2 mharc |
| **7.** | - | (b) | 4 mharc |

**8. (i) & (ii)** Aon **dá cheann** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4 + 4 mharc

Aontaím:

- Tá tuarastal an-mhaith á thuilleamh aici.
- Tá sí sásta lena hárasán.
- Tá turas dhá nóiméad aici sa charr ón árasán go lár an bhaile.
- Tá turas cúig nóiméad aici ón árasán go dtí an staidiam.
- Is féidir léi í féin a chur in iúl, d'ainneoin deacrachtaí teanga.
- Tá aithne ag cách in Valcea uirthi.
- Tá lucht tacaithe i láthair ag gach seisiún traenála.
- Itheann sise agus na cailíní eile le chéile sa chlub ag am lóin.

Ní aontaím:

- Is ann do bhacainn teanga mar nach bhfuil Rómáinis aici fós.
- Bíonn an aimsir go dona mar go mbíonn sé ag cur sneachta go minic sa gheimhreadh.
- Cuireann an preas sa Rómáin isteach uirthi.
- Cumann an preas sa Rómáin scéalta faoina saol príobháideach.

**Glac le pointe bailí ar bith más féidir cruthú ón téacs a chur leis.**
**Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

**Ceist 4 – 40 marc**

Ná gearr níos mó ná 2 mharc mar phionós as ábhar nach mbaineann le hábhar. N.B. Má fhreagraítear ceisteanna 1-7 trí Bhéarla/Ghaeilge – ná ceadaigh ach leathmharcanna. Ná gearr pionós as dearmaid sa ghramadach áit a n-éilítear ionramháil. Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nuair a thugtar athfhriotal díreach, bain 1 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | - | (Dans) le train bondé | 4 mharc |
| | | * (Dans) le train bondé …….. la maison | 3 mharc |
| | | * (Dans) le train bondé ….. bavardaient | 2 mharc |
| **2.** | - | (Laurent et Charles avaient préparé) un voyage en mer (sur l'*Anastasis*, le bateau de leurs parents) | 4 mharc |
| | | * un voyage | 2 mharc |
| **3.** | - | (son) charme | 4 mharc |
| | - | (très) grand / cheveux blonds / (super) bronzé | 4 mharc |
| | - | (Il était) vêtu comme un marin | 4 mharc |
| **4.** | - | À peine / très / super / déjà / vraiment / n' / pas / plus / tard / fort | 4 mharc |
| **5. (i)** | - | (pour) se changer | 4 mharc |
| | - | (et pour) prendre une douche | 4 mharc |
| | | * une douche | 2 mharc |
| | | * change / changer | 2 mharc |
| **(ii)** | - | Il y avait une bibliothèque pour ses livres dans sa chambre | 4 mharc |
| | | * une bibliothèque dans sa chambre | 3 mharc |
| | | * une bibliothèque pour ses livres | 3 mharc |
| | | * une bibliothèque | 1 mharc |
| **6.** | - | Quand il a entendu la voiture de son père (qui arrivait dans la cour située devant la maison) | 4 mharc |
| | | * Quand il a entendu la voiture | 2 mharc |
| **7.** | - | (a) | 4 mharc |

**8. (i) & (ii)** Aon **dá cheann** ar bith de na pointí cearta seo a leanas le haghaidh: 4 + 4 mharc

A thuismitheoirí:

- Tá bád ag a thuismitheoirí.
- Cuireann a mháthair ceist air faoina thuairisc scoile a luaithe agus a thagann sé abhaile.
- Cuireann a mháthair amach é le roinnt croissants a ithe.
- Thug a thuismitheoirí an deis dó a throscán féin dá sheomra leapa a roghnú.
- Tá a athair ag iarraidh a fháil amach conas a d'éirigh le Laurent ina chuid scrúduithe.
- Tá a athair míshásta le hobair Laurent ar scoil.
- Phléigh a athair obair scoile a mhic lena mhúinteoir ranga.
- Iarrann a mháthair ar a athair ligean leis agus ligean dó deireadh na scoilbhliana a cheiliúradh.

A dheirfiúracha:

- Tá an bheirt acu níos óige ná Laurent.
- Bhídís ag argóint ag an tábla béile go minic.

**Glac le pointe bailí ar bith más féidir cruthú ón téacs a chur leis.**
**Bronn 2 mharc má tá cuid den fhreagra ceart.**

## Roinn II  (60 marc)

Dhá thriail scríbhneoireachta ar **30 marc an ceann**.  Ní ceadmhach d'iarrthóirí ach triail **amháin** a roghnú as gach ceann de na foranna A, B, C.

**Roinn A**

**(a) Na Bearnaí a líonadh – 30 marc**

10 mbearna ar **3 mharc an ceann**

Má dhéantar athscríobh míchúramach, aicinn san áireamh, **bain 1 mharc.**  Glac le ceannlitreacha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | répondu | 6. | difficile |
| 2. | suis | 7. | beaucoup |
| 3. | bac | 8. | examens |
| 4. | pas | 9. | robes |
| 5. | professeurs | 10. | venir |

**OU / NÓ**

**(b)**

Ceist 1, 2, 3, 4, 5: 2 mharc an ceann = 10 marc

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1 | - | Sloinne – glac le sloinne réasúnta ar bith |
| Ceist 2 | - | Ainm Baiste – glac le hainm baiste réasúnta ar bith |
| Ceist 3 | - | Dáta breithe – glac le dáta réasúnta ar bith |
| Ceist 4 | - | Náisiúntacht – glac le náisiúntacht ar bith |
| Ceist 5 | - | Blianta staidéir – glac le huimhir chuí ar bith |
| Ceist 6 – 9: | - | Iad a cheartú mar aonad = 20 marc. |

4 thasc cumarsáide @ 3 mharc an ceann = 12 mharc.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Chatagóir | 0 - 2 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 3 | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

N.B. Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

**<u>Teanga 8 mar</u>**

1ú Chatagóir

0 – 2
- formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart;
- litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal;
- gan tuiscint ar shainréim teanga.

2ú Catagóir

3 – 5
- foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart;
- raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith;
- leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart;
- tuiscint éigin ar shainréim teanga.

3ú Catagóir

6 – 8
- foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí;
- raon an stóir focal an-mhaith;
- na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart;
- tuiscint mhaith ar shainréim teanga.

## Roinn B – Teachtaireacht / Cárta

### (a) Teachtaireacht – 30 marc

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Déan neamhaird den leagan amach.

Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chara Adrien / Adrienne a bhfuil tú ag fanacht leis / léi in Lyon. Abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Nach bhfuil aon bhia sa teach / faoi láthair. |
| C2 | - | Go bhfuil tú imithe go dtí siopa an bhúistéara / le roinnt feola a cheannach. |
| C3 | - | Go ndéanfaidh tú an dinnéar / tráthnóna. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2)**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Chatagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| 0 – 5 | - | formhór na bhfoirceann ar na briathra, formhór na n-aimsirí, formhór na n-aontuithe mícheart; |
| | - | litriú mícheart ar fhormhór na bhfocal; |
| | - | gan tuiscint ar shainréim teanga. |
| 6 – 10 | - | foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, ceart níos minice ná mícheart; |
| | - | raon an stóir focal idir a bheith réasúnta agus go maith; |
| | - | leath na bhfocal ar a laghad litrithe i gceart; |
| 11 – 15 | - | foircinn na mbriathra, na haimsirí, na haontuithe, i gceart beagnach i gcónaí; |
| | - | raon an stóir focal an-mhaith; |
| | - | na focail go léir, beagnach, litrithe i gceart; |
| | - | tuiscint mhaith ar shainréim teanga. |

**OU / NÓ**

**(b) Cárta – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.
Déan neamhaird den leagan amach.

Tá tú ar laethanta saoire sa Fhrainc. Scríobh **cárta poist** chuig do chara Guy / Chantal agus abair:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Go bhfuil tú ag caitheamh dhá sheachtain sna hAlpa / le do theaghlach. |
| C2 | - | Go ndeachaigh tú ag sciáil inné / agus go raibh sé go hiontach. |
| C3 | - | Go bhfuil súil agat dul go dtí an Eilvéis / Dé Luain seo chugainn. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2 )**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Chatagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc** - na catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**Roinn C – Dialann / Litir Fhoirmiúil**

**(a) Dialann – 30 marc**

**Cumarsáid = 15 mharc**

3 thasc cumarsáide @ 5 mharc an ceann.

Níl aon mharcanna ar fáil as an leagan amach.

Tá tú díreach tar éis bogadh go teach nua. Déan nóta faoi seo a leanas i do **dhialann**:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Gur maith leat do theach nua / agus do scoil. |
| C2 | - | Go bhfuil cairdeas deas déanta agat le roinnt daoine / sa sráidbhaile. |
| C3 | - | Go n-imreoidh tú cluiche cispheile / maidin amárach. |

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 5 mharc a fháil (3 +2)**

| | | |
|---|---|---|
| 1ú Chatagóir | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 15 mharc** - catagóirí mar atá in B (a) agus (b) thuas.

**OU / NÓ**

**(b) Litir Fhoirmiúil – 30 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Barr an leathanaigh | - | 3 mharc (Ní gá an Fhrainc a bheith sa seoladh) |
| An Fhoirmle don Deireadh | - | 3 mharc |

**Cumarsáid = 12 mharc**

3 thasc @ 4 mharc an ceann.

Scríobh litir **fhoirmiúil** chuig l'Office de Tourisme, 26 place de Francheville, 24000 Périgueux.
Sa **litir**:

| | | |
|---|---|---|
| C1 | - | Abair go bhfuil tú ag lorg eolais / faoin mbaile. |
| C2 | - | Abair gur mhaith leat cuairt a thabhairt ar Périgueux / le linn na féile i mí Iúil. |
| C3 | - | Fiafraigh an bhfuil brú óige / sa cheantar. |

**Is tusa Éamonn Ó Riain / Emma Ní Riain, 13 Plás an Últloird, Cill Droichid, Co. Chill Dara.**

**N.B. Is gá an aimsir a bheith ceart le lánmharcanna a fháil sa Chumarsáid.**

**Dhá phointe ag teastáil le 4 mharc a fháil (2 +2)**

**Cumarsáid = 12 mharc (4 x 3)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1ú Chatagóir | 0 - 1 | - | níl an teachtaireacht soiléir. |
| 2ú Catagóir | 2 | - | tá an teachtaireacht soiléir. |

**Teanga = 12 mharc**

| | |
|---|---|
| 1ú Chatagóir | 0 - 4 |
| 2ú Catagóir | 5 - 8 |
| 3ú Catagóir | 9 - 12 |

# Triail Chluastuisceana (100 marc)

N.B. Ní gá d'iarrthóirí an fhoclaíocht dhíreach atá sna réitigh atá molta sa scéim mharcála seo a thabhairt. Féadfaidh siad lánmharcanna a bhaint amach as a bhfreagraí ach an bhrí cheart a thabhairt. Má thugtar freagra ceart agus freagra mícheart araon, bronn 0 marc.

## Roinn I – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1. (i)** | (a) | 5 mharc |
| **(ii)** | Bhí a ceallra (fóin) caite | 5 mharc |
| **2.** | (b) | 5 mharc |
| **3.** | (d) | 5 mharc |

## Roinn II – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cúig bliana is fiche ó shin / 1989 | 5 mharc |
| **2.** | (c) | 5 mharc |
| **3.** | Tá an t-uisce (rófhuar / an-fhuar) fuar | 5 mharc |
| | * Tá sé (rófhuar / an-fhuar) fuar | 3 mharc |
| **4.** | (b) | 5 mharc |

## Roinn III – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (A) m(h)úinteoir Fraincise / (An) múinteoir Fraincise | 5 mharc |
| | * (A) m(h)úinteoir / (An) múinteoir | 3 mharc |
| **2.** | (b) | 5 mharc |
| **3. (i)** | (d) | 5 mharc |
| **(ii)** | Tá / Beidh a dheirfiúr á bailiú aici in Toulouse | 5 mharc |
| | * Tá / Beidh a dheirfiúr á bailiú aici | 3 mharc |
| | * Tá / Beidh sí in Toulouse | 3 mharc |

## Roinn IV – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (c) | 5 mharc |
| **2.** | 1,000 (euro) | 5 mharc |
| **3.** | (a) | 5 mharc |
| **4.** | (b) | 5 mharc |

## Roinn V – 20 marc

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | (d) | 5 mharc |
| **2. (i)** | Dé Máirt (seo caite) | 5 mharc |
| **(ii)** | (c) | 5 mharc |
| **3.** | Bhí sé ag tiomáint tarracóra ar an mótarbhealach | 5 mharc |
| | * Bhí sé ag tiomáint tarracóra | 3 mharc |

# AGUISÍN 1

**Ceist C. Cumas Scríofa**

**(b) Litir Fhoirmiúil:**

**Barr an Leathanaigh**

(a) Ainm agus seoladh an tseoltóra sa chúinne thuas ar chlé – an t-ainm ar an gcéad líne, uimhir agus sráid ar an dara líne, etc.

(b) Cathair / baile / sráidbhaile agus dáta (Cill Droichid, le 11 juin 2014) sa chúinne thuas ar dheis nó faoi.

(c) Díreach faoi (b) ainm (nó teideal) an "destinataire" agus a s(h)eoladh.

(d) Cuir "Irlande" isteach, glac le "Ireland"/"Éire".

e.g. → Cill Droichid, le 11 juin 2014

Éamonn Ó Riain / Emma Ní Riain,
13 Plás an Úlloird,
Cill Droichid,
Co. Chill Dara,
Éire / Irlande.

L'Office de Tourisme,
26 place de Francheville,
224000 Périgueux,
(an Fhrainc / France).

→ Cill Droichid, le 11 juin 2014

Monsieur / Madame,

**Barr an Leathanaigh / Foirmle don Deireadh**

1 dearmad - déan neamhaird de.

2 dhearmad - bain 1 mharc.

3 dhearmad - bain 2 mharc.

Níos mó ná 3 dhearmad – bronn 0.

Caith le haiceann mícheart amháin nó níos mó san fhoirmle don deireadh mar aon dearmad amháin.

**Deireadh foirmiúil riachtanach.**

**N.B.**

Má bhíonn an leagan amach ginearálta ceart ag an iarrthóir ar Bharr an Leathanaigh, ainneoin go leor dearmad – bronn **aon mharc amháin**.

**N.B.**

Mura mbeidh an tasc cumarsáide déanta ar chor ar bith ní féidir aon mharcanna a bhronnadh as sainréim teanga, as stór focal ná as struchtúir.

## AGUISÍN 2

# Scéim Mharcála Mhionathraithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ghnáthleibhéal san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Cumas Scríofa:**

**Roinn A**

**(a) Tástáil Cloze**
Ná gearr pionós as dearmaid litrithe (lena n-áirítear gan aiceann a bheith istigh / aicinn mhíchearta) nuair a athscríobhann iarrthóir an focal atá in easnamh.

**(b) Eolas a chur isteach ar fhoirm.**
Ceist 6 - 9: Marcáil mar cheithre thasc cumarsáide iad @ 5 mharc an ceann.

**Roinn B**

**(a) An Teachtaireacht**
An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Cárta Poist**
An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**Roinn C**

**(a) Dialann**
An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

**(b) Litir Fhoirmiúil**
An marc a bhronntar as an gCumarsáid, bronntar freisin as an Teanga é.

Ná gearr pionós ach an oiread as litriú mícheart ná as aicinn atá mícheart sa leagan amach ag barr na Litreach Foirmiúla agus san fhoirmle don deireadh.

**AGUISÍN 3**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla C*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Nuatheangacha – Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis & Iodáilis – Gnáthleibhéal Amháin**

**Iomlán: 320      Gnáthráta: 5%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 246 | 11 |
| 247 - 253 | 10 |
| 254 - 260 | 9 |
| 261 - 266 | 8 |
| 267 - 273 | 7 |
| 274 - 280 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 286 | 5 |
| 287 - 293 | 4 |
| 294 - 300 | 3 |
| 301 - 306 | 2 |
| 307 - 313 | 1 |
| 314 - 320 | 0 |

## **Réríomhaire le GRÁID a ríomh**

| **Grád (320)** | | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| **A** | | 272 – 320 |
| **B** | | 224 – 271 |
| **C** | | 176 – 223 |
| **D** | | 128 – 175 |
| **E** | | 80 – 127 |
| **F** | | 32 – 79 |
| **N/G** | | 0 – 31 |

Leathanach Bán